# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

## RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair dhá cheist, ceann amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
**Baghcat Bus Montgomery, 1956**

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén bhuslíne a bhí ag rith thar theach King?

   (b) De réir dhoiciméad A, cé a bhíodh ag taisteal ar an gcéad bhus de ghnáth?

   (c) Conas a léiríonn doiciméad B go raibh slua mór ag Sráid Holt?

   (d) I ndoiciméad B, cén meon atá ag na daoine agus iad ag druidim leis an séipéal?

(20)

2. (a) Cén nasc a léirítear idir an reiligiún agus an agóidíocht sna doiciméid seo? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

   (b) An dtugann an dá dhoiciméad le tuiscint go raibh amhras ann faoi iompar an lucht agóide? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) Tá an téarma "*Negro*" sa dá dhoiciméad ach meastar é a bheith maslach sa lá atá inniu ann. An raibh úsáid an téarma sna doiciméid seo maslach? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) Cé acu doiciméad, A nó B, is oibiachtúla mar fhoinse? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí baghcat bus Montgomery don ghluaiseacht cearta sibhialta i Meiriceá?

(40)

## - Doiciméad A -

**An chéad mhaidin de bhaghcat bus Montgomery á tabhairt chun cuimhne ag Martin Luther King.**

Ar ámharaí an tsaoil, bhí stad bus cúig throigh go díreach ón teach. Bhíomar in ann na chéad chéimeanna [den bhaghcat] a fheiceáil ón fhuinneog thosaigh. Dá bhrí sin, d'fhanamar. Bhí mé sa chistin agus mo chuid caife á ól agam nuair a chuala mé [mo bhean] Coretta á rá, "A Mháirtín, a Mháirtín, tar anseo go beo!" Leag mé uaim mo chupán agus rith mé i dtreo an tseomra teaghlaigh. Agus mé ag druidim leis an bhfuinneog thosaigh, shín Coretta a méar go gliondrach i dtreo bus a bhí ag gluaiseacht: "A thaisce, tá sé folamh!"

Ar éigean mé in ann mo shúile a chreidiúint. Bhí a fhios agam go mbíodh líne South Jackson, a ritheann thar an teach s'againne, ag iompar níos mó paisinéirí *Negro* (gorma) ná líne ar bith eile in Montgomery, agus go mbíodh an chéad bhus lán d'oibrithe tí ag dul ag obair. An leanfadh gach bus eile an patrún a bhí leagtha síos ag an gcéad cheann? D'fhanamar go díocasach leis an gcéad bhus eile. I gceann cúig nóiméad déag tháinig sé anuas an tsráid, agus ar nós an chéad cheann bhí sé folamh. Tháinig an tríú bus, agus bhí sé sin folamh freisin cé is moite de bheirt phaisinéirí gheala.

Léim mé isteach sa charr, agus ar feadh uair an chloig beagnach, thug mé cuairt ar gach mórshráid agus scrúdaigh gach bus a chuaigh thar bráid. An tráth ba bhroidiúla trácht na maidine, ní fhaca mé níos mó ná ochtar paisinéirí *Negro*. In ionad comhoibriú de 60% a raibh súil againn leis, bhí sé ag éirí soiléir go raibh beagnach 100% bainte amach againn. Bhí míorúilt tar éis tarlú.

(Clayborne Carson eag., *The Autobiography of Martin Luther King Jr.*, 1998)

## - Doiciméad B -

**Joe Azbell, ón *Montgomery Advertiser*, ag tuairisciú ó Shráid Holt, Montgomery, níos déanaí an lá céanna.**

Oíche Dé Luain, agus mé ag tiomáint feadh Ascaill Cleveland ar mo bhealach go dtí Séipéal Baistigh Shráid Holt, bhí mé in ann na dosaenacha *Negro* (daoine gorma) a fheiceáil ina líne shingil ar an gcosán, mar a bheadh saighdiúirí ann geall leis. Bhí siad ag dul ar chruinniú agóide ag an séipéal.

Daoine ciúine a bhí iontu, iad ag caitheamh cótaí móra, agus mar a bheadh deasghnáth ar siúl acu. Rinne mé mo charr a pháirceáil ceap ón séipéal agus thug mé faoi deara gurbh é an t-am a bhí ann ná sé daichead a cúig. Cheana féin bhí carranna sínte amach ar feadh a sé nó a seacht de cheapa i ngach treo. Dáiríre, ba chosúil an ceantar thart timpeall ar an séipéal le Cramton Bowl le linn chluiche peile stáit Alabama. Cé is moite de rud amháin: bhí na daoine seo faoi mharbhchiúnas.

Chonacthas an paisean a spreag an cruinniú nuair a thosaigh na mílte guth ag canadh in éineacht. Ina dhiaidh sin dúirt ministir paidir. Cuireadh isteach air na céadta uair le "*yeas*" agus "*uh-huhs*" agus "*that's right*". Bhí na mothúcháin in airde réim níos mó ná uair amháin agus d'aithin na ministrí ar an ardán go bhfeadfadh siad imeacht ó smacht.

Ba chosúil an cruinniú le cruinniú athbheochana [cruinniú reiligiúin]ón tseanaimsir. Chruthaigh sé gan dabht ar bith go raibh smacht ag na *Negroes* orthu féin, rud a mbíodh cuid mhaith daoine geala in amhras faoi. Ba chosúil é beagnach le cumasc de dhisciplín míleata agus de mhothúcháin.

(Stewart Burns eag., *Daybreak of Freedom*: *The Montgomery Bus Boycott*, 1997)

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir Dónall Ó Conaill leis na feachtais ar son na Fuascailte agus an Reipéil? (100)
2. Le linn na tréimhse 1815-1850, cad iad na hathruithe sóisialta agus eacnamaíochta a tharla in Éirinn? (100)
3. Cad a chuir Tomás Dáibhis agus/nó Séarlas Kickham leis an náisiúnachas in Éirinn? (100)
4. Cén tábhacht a bhain leis an gCairdinéal Paul Cullen i stair an Chaitliceachais in Éirinn? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu ab éifeachtaí mar cheannaire ar an ngluaiseacht ar son Rialtais Dúchais, Butt nó Parnell? Déan do chás a áitiú, agus tagairt agat don bheirt díobh. (100)
2. Cé chomh mór agus a d'éirigh leis an stailc agus leis an bhfrithdhúnadh i mBaile Átha Cliath (1913), nó ar theip orthu? (100)
3. Cad a chuir Micheál Daibhéid leis an athleasú sóisialta agus polaitíochta? (100)
4. Cad iad na forbairtí a tharla san Aontachas i gCúige Uladh nó i dtionsclú Bhéal Feirste, 1870-1914? (100)

*Éire: Topaic 3*

### Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh an idirbheartaíocht don Chonradh Angla-Éireannach conspóideach? (100)
2. Cad iad na príomhdhúshláin shóisialta agus eacnamaíochta a bhí roimh Thuaisceart Éireann, 1920-1945? (100)
3. Le linn na tréimhse 1932-1945, cé acu is fearr a ndearna Éamon de Valera bainistiú air, an geilleagar nó an caidreamh Angla-Éireannach? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don dá ábhar. (100)
4. Cad iad na hiarrachtaí a rinneadh chun féiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn, Thuaidh agus Theas, le linn na tréimhse 1912-1945? (100)

*Éire: Topaic 4*

## Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na tosca, sa bhaile agus thar lear, a chuir le himirce mhuintir na hÉireann le linn na tréimhse 1840-1914? (100)
2. Cén fáth a raibh meon frith-Éireannach i SAM agus/nó sa Bhreatain sa naoú haois déag? (100)
3. Le linn na tréimhse 1922-1966, cén fáth a ndeachaigh a oiread sin daoine ar imirce go dtí an Bhreatain agus cén tslí inar asamhlaíodh iad? (100)
4. Cad iad aidhmeanna agus éachtaí mhisean an Spioraid Naoimh don Nigéir, 1945-1966? (100)

*Éire: Topaic 5*

## An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu ab éifeachtaí mar cheannaire ar Thuaisceart Éireann, Brookeborough nó O'Neill? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt díobh. (100)
2. Cé chomh mór agus a bhí imeachtaí Printísigh Dhoire agus/nó roghnú Chúil Raithin mar shuíomh don dara hollscoil i dTuaisceart Éireann ina n-ábhar deighilte? (100)
3. Cén bhail a d'fhág "na Trioblóidí" ar shochaí agus ar gheilleagar an Tuaiscirt? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Comhaontú Sunningdale, 1973; an Comhaontú Angla-Éireannach, 1985; Dearbhú Shráid Downing, 1993? (100)

*Éire: Topaic 6*

## An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a chuir T.K. Whitaker agus/nó Seán Lemass leis an athrú eacnamaíochta in Éirinn? (100)
2. Conas a chuaigh ballraíocht sna NA agus/nó sa CEE i bhfeidhm ar Phoblacht na hÉireann? (100)
3. Le linn na tréimhse 1949-1989, cad iad na hathruithe a tharla san oideachas agus/nó ar dhearcadh daoine maidir leis an nGaeilge agus cultúr na hÉireann? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar shochaí na hÉireann: an tArdeaspag J.C. McQuaid; Garrett FitzGerald; Mary Robinson? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1815-1848, cé chomh maith agus a d'éirigh le Metternich cosc a chur le hathrú polaitiúil san Eoraip? (100)
2. Cé chomh maith mar leasaitheoir agus a bhí Robert Owen agus/nó Robert Peel? (100)
3. Conas a bhog an Iodáil agus/nó an Ghearmáin i dtreo na haontachta sna blianta roimh 1871? (100)
4. Cad iad na héachtaí a rinne an Barún Haussmann agus/nó Victor Hugo? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu ab éifeachtaí agus cúrsaí na Gearmáine á láimhseáil acu, Bismarck nó Wilhelm II? Déan do chás a áitiú agus tagairt agat don bheirt díobh. (100)
2. Cad iad na cúiseanna a bhí leis an Impiriúlachas Nua agus conas a chuaigh an tImpiriúlachas Nua i bhfeidhm ar an Eoraip? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an bhfrithghiúdachas ar an bhFrainc agus/nó ar an Rúis, 1871-1914? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin gCéad Chogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar dhuine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Douglas Haig; Wilfred Owen; mná sa lucht oibre? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a raibh an Fhrainc míshocair le linn na tréimhse 1920-1940? (100)
2. Conas a d'úsáid deachtóirí bolscaireacht agus/nó sceimhle chun a gcumhacht a choinneáil? (100)
3. Cad iad na príomhdhúshláin shóisialta agus eacnamaíochta a bhí roimh an Bhreatain, 1920-1945? (100)
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoin Dara Cogadh Domhanda ón staidéar a rinne tú ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: comhghuaillíochtaí le linn an chogaidh; comhoibriú (leis an namhaid)/frithbheartaíocht; teicneolaíocht na cogaíochta. (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad príomh-ghéarchéimeanna an Chogaidh Fhuair a chuaigh i bhfeidhm ar an Eoraip le linn na tréimhse 1945-1992? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí beartais inmheánacha agus sheachtracha Nikita Khrushchev? (100)
3. Cén dearcadh a bhí ag duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas ar fás aontacht na hEorpa: Jean Monnet; Margaret Thatcher; Jacques Delors? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cad iad na hathruithe a tharla ar cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: ról na mban; cleachtais chreidimh; na hollmheáin chumarsáide? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh mór agus a chuir an Bhreatain Mhór leis an teannas sa Mheánoirthear le linn na tréimhse 1945-1956? (100)
2. Le linn na tréimhse 1945-1990, cad iad na hiarmhairtí sóisialta agus eacnamaíochta ar an Afraic a bhain le cúlú na hEorpa ó impireachtaí? (100)
3. Cé chomh mór agus a bhí cúrsaí cine ina mórcheist sa Bhreatain agus/nó sa Fhrainc? (100)
4. Cad iad aidhmeanna agus éachtaí duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Mohandas Gandhi; Ho Chi Minh; Achmad Sukarno? (100)

# Leathanach Bán